II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2447 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Meán Fómhair 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana i réimse an lucht saothair a shonrú maidir le "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh"**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais arna sainaithint sna topaicí mionsonraithe ábhartha i réimse an lucht saothair a chumhdach, ba cheart don Choimisiún líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana atá le bailiú den chéad uair sna blianta 2024 agus 2025 a shonrú.

(2) Ba cheart don Choimisiún líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana a shonrú maidir leis na topaicí mionsonraithe i réimse an lucht saothair "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh",

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana maidir leis na topaicí mionsonraithe i réimse an lucht saothair "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachais — mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Líon agus teideal na n-athróg 8 mbliana i bhfearann an lucht saothair atá le bailiú maidir le "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" (an chéad chur chun feidhme in 2024) agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh" (an chéad chur chun feidhme in 2025)**

| Topaic | Topaic mhionsonraithe | Aitheantóir athróige | Ainm athróige |
|---|---|---|---|
| 03e. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair — 3 athróg a bailíodh (*trí huaire 8 mbliana*) | Daoine óga i margadh an tsaothair | LEVMATCH | Meaitseáil idir leibhéal gnóthachtála oideachais agus an príomhphost reatha nó an príomhphost deireanach |
| | | FIELDMATCH | Meaitseáil idir an réimse oideachais is airde atá curtha i gcrích go rathúil agus an príomhphost reatha nó an príomhphost deireanach |
| | | SKILLMATCH | Meaitseáil idir scileanna agus an príomhphost reatha nó an príomhphost deireanach |
| 04b. Gnóthachtáil agus cúlra oideachais — 4 athróg bailithe (*ceithre huaire 8 mbliana*) | Gnóthachtáil oideachais — mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh | DROPEDUC | Tréigeadh an t-oideachas foirmiúil nó an oiliúint fhoirmiúil |
| | | DROPEDUCLEVEL | Leibhéal ag ar tréigeadh an t-oideachas foirmiúil nó an oiliúint fhoirmiúil |
| | | DROPEDUCREAS | An phríomhchúis nár cuireadh i gcrích an clár oideachais foirmiúil dá dtagraítear in DROPEDUCLEVEL |
| | | MEDLEVQUAL | Meáncháilíochtaí gnóthachtála oideachais |
| 03f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair — 11 athróg a bailíodh (*11 uair 8 mbliana*) | Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh | CHCARRES | Freagrachtaí maidir le cúraim rialta a bheith ann do leanaí 14 bliana d'aois nó faoina bhun |
| | | CHCARAGE | Aois an linbh nó an gharpháiste is óige atá faoi chúram |
| | | CHCARUSE | Úsáid seirbhísí cúraim leanaí |
| | | CHCAROBS | An phríomhchúis le gan seirbhísí cúraim leanaí a úsáid |
| | | ELCARRES | Freagrachtaí cúraim rialta a bheith ann do ghaolta atá 15 bliana d'aois agus os a chionn, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas |
| | | ELCARINT | Déine an chúraim do ghaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas |
| | | CAREFFEM | Éifeacht na bhfreagrachtaí cúraim ar fhostaíocht |
| | | WORKOBS | An phríomhchonstaic ag an obair chun saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh |
| | | CHNUMBER | Líon páistí a tógadh ag an duine i gceist |
| | | PARLEAV | Úsáid na saoire teaghlaigh |
| | | PARLENG | Fad na saoire teaghlaigh a úsáideadh |